# RIALACHÁN (AE) 2021/2142 ÓN gCOIMISIÚN

## an 3 Nollaig 2021

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil alcalóidigh óipiam in earraí bia áirithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún ([2]) socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe, lena n-áirítear alcalóidigh thrópáin, in earraí bia.

(2) Faightear síolta poipín ón gcodlaidín (*Papaver somniferum* L.). Tá alcalóidigh óipiam amhail moirfín agus cóidín sa chodlaidín. Níl na halcalóidigh óipiam sna síolta poipín, nó má tá níl ach leibhéal an-íseal díobh iontu, ach is féidir leo a bheith éillithe le halcalóidigh de thoradh damáiste feithidí, nó má dhéantar éilliú seachtrach ar na síolta le linn buana, nuair a ghreamaíonn cáithníní deannaigh ón tuí (lena n-áirítear balla an chochaill) de na síolta.

(3) In 2018, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") nuashonrú ar an tuairim eolaíoch maidir le halcalóidigh óipiam i síolta poipín ([3]). Dheimhnigh an tÚdarás an ghéardháileog thagartha (ARfD) ina bhfuil 10 µg moirfín/kg de mheáchan coirp (bw) agus chinn sé gur cheart tiúchan an chóidín sna samplaí de shíolta poipín a chur san áireamh trí chóidín a thiontú ina gcoibhéisí moirfín, trí úsáid a bhaint as fachtóir 0,2. Dá bhrí sin, is grúpa ARfD le haghaidh moirfín agus cóidín an ARfD, arna shloinneadh i gcoibhéisí moirfín. Léirítear sna meastacháin nochta gur dóiche go sárófar an grúpa ARfD, go háirithe i gcás ina n-itear sciartha móra, nó má itear bia ina bhfuil síolta poipín neamhphróiseáilte.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, uasleibhéil le haghaidh moirfín agus cóidín, arna sloinneadh i gcoibhéisí moirfín, a leagan síos le haghaidh síolta poipín a chuirtear ar an margadh don tomhaltóir deiridh agus do tháirgí bácúis ina bhfuil síolta poipín nó táirgí a dhíorthaítear uathu. Ba cheart na leibhéil sin a leagan síos agus é á chur san áireamh go bhféadfadh an phróiseáil bia tiúchan na n-alcalóideach sna síolta poipín amha a laghdú 25-100 % sa táirge deiridh. Ós iomchuí do tháirgeoir na dtáirgí bácúis faisnéis mionsonraithe a bheith aige ar na síolta poipín a úsáidtear mar chomhábhair i dtáirgí bácúis, lena n-áirítear tiúchan an ábhair choibhéisigh mhoirfín, ba cheart do sholáthraí na síolta poipín an fhaisnéis sin a chur ar fáil do tháirgeoir na dtáirgí bácúis.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a leasú dá réir sin.

(6) Chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha ullmhú do na rialacha nua arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach go dtí go mbeidh na huasleibhéil i bhfeidhm. Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh earraí bia a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

([3]) Nuashonrú ar an Tuairim Eolaíoch maidir le halcalóidigh óipiam i síolta poipín. EFSA Journal [*Iris EPSA*], 2018;16(5):5243, 119 lch. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5243

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Earraí bia a liostaítear san Iarscríbhinn a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh an 1 Iúil 2022, féadfaidh siad fanacht ar an margadh go dtí an dáta íosmharthanachta nó an dáta deiridh úsáide.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

In Airteagal 8 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006, cuirtear an iontráil seo 8.5 a leanas leis:

| "Earraí bia ([1]) | | Uasleibhéal (mg/kg) |
|---|---|---|
| 8.5. | **Alcalóidigh óipiam** (*) | |
| 8.5.1. | Síolta poipín iomlána, meilte nó muilleáilte a chuirtear ar an margadh le haghaidh an tomhaltóra deiridh | 20 |
| 8.5.2. | Táirgí bácúis (**) ina bhfuil síolta poipín agus/nó táirgí a dhíorthaítear uathu (***) | 1,50 |

(*) Is éard atá san uasleibhéal suim an mhoirfín agus an chóidín, ar ina leith a chuirtear fachtóir 0,2 i bhfeidhm ar leibhéal an chóidín. Dá bhrí sin, is éard atá san uasleibhéal suim an mhoirfín + 0,2 cóidín.

(**) Áirítear blastóga agus sneaiceanna atá bunaithe ar phlúr agus réidh le hithe le táirgí bácúis freisin.

(***) An t-oibreoir i ngnó an bhia atá ag soláthar na síolta poipín don oibreoir i ngnó an bhia atá ag monarú na dtáirgí bácúis, soláthróidh sé an fhaisnéis is gá chun é a chur ar a chumas do mhonaróir na dtáirgí bácúis na táirgí a chur ar an margadh a chomhlíonann an t-uasleibhéal. Beidh sonraí anailíseacha san áireamh leis an bhfaisnéis sin, i gcás inarb iomchuí."